# MÚINTEOIRÍ A SPREAGADH SAN AONAD LÁN-GHAEILGE

T.J. Ó Ceallaigh

Coláiste Mhuire gan Smál

21 Bealtaine 2020

Ag Tacú le Múinteoirí i bhFeighil
Forbairt Ghairmiúil ar líne de chuid ETBI





# Léirítear in go leor taighde an tionchar a bhíonn ag cleachtais cheannaireachta éagsúla ar thorthaí na ndaltaí

(Branch, Hanushek & Rivkin, 2013; Leithwood & Louis, 2012, Marzano, Waters & McNulty, 2005, Robinson Lloyd & Rowe, 2008)

# Torthaí foghlama na ceardlainne

Cad is gá do mhúinteoirí i bhfeighil a dhéanamh chun príomhchuspóir a róil a bhaint amach san Aonad lán-Ghaeilge?

Cén fáth?

Conas?



# Cad go díreach atá i gceist?




**An tsamhail cheannaireachta a ailíniú le riachtanais agus tosaíochtaí aitheanta na scoile**




Tuairisc ar fáil ag www.cogg.ie

| Cuntasacht, Ceannaireacht agus Measúnú | | | |
|---|---|---|---|
| Tá ceannairí láidre éifeachtacha eolacha ann a chuireann fís, spriocanna, bunfhealsúnacht agus torthaí an oideachais lán-Ghaeilge in iúl go soiléir agus ar féidir leo an fhaisnéis sin a úsáid ar bhealach cruthaitheach chun an t-eolas a scaipeadh ar dhaoine eile agus chun tacú go réamhghníomhach leis an scoil os comhair pobail éagsúla. | | | |
| Tá na róil agus freagrachtaí maidir le próisis agus nósanna imeachta na scoile lán-Ghaeilge sainmhínithe go soiléir le cinntiú gurb iad an teagasc agus an fhoghlaim éifeachtach is príomhchúram na scoile lán-Ghaeilge i gcónaí. | | | |
| Tá na múinteoirí eolach ar phróiseas forbartha an dátheangachais, agus ar thairbhí an tumoideachais agus an dátheangachais, agus bíonn siad sásta iad sin a phlé le tuismitheoirí/caomhnóirí. | | | |
| Creideann na múinteoirí agus an fhoireann scoile ar fad gur féidir le gach aon dalta ardchaighdeán foghlama a bhaint amach i ngach réimse acadúil agus inniúlacht iomlán a bhaint amach sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon. | | | |
| Is múinteoirí teanga agus ábhair araon iad na múinteoirí ar fad, tá torthaí foghlama beartaithe luaite go soiléir acu maidir le hábhar agus teanga, cuireann siad ionchais shoiléire in iúl maidir le húsáid na tumtheanga, agus féachann siad orthu féin mar éascaitheoirí na forbartha teanga laistigh den seomra ranga agus lasmuigh de araon. | | | |

Sainaithnítear na príomhtháscairí cáilíochta le **táscairí**

Léirítear leis na **tuairisceoirí** conas is féidir gach táscaire cáilíochta ar an dea-chleachtas a bhaint amach

| Cuntasacht, Ceannaireacht agus Measúnú | | | |
|---|---|---|---|
| Tá ceannairí láidre éifeachtacha eolacha ann a chuireann fís, spriocanna, bunfhealsúnacht agus torthaí an oideachais lán-Ghaeilge in iúl go soiléir agus ar féidir leo an fhaisnéis sin a úsáid ar bhealach cruthaitheach chun an t-eolas a scaipeadh ar dhaoine eile agus chun tacú go réamhghníomhach leis an scoil os comhair pobail éagsúla. | | | |
| Tá na róil agus freagrachtaí maidir le próisis agus nósanna imeachta na scoile lán-Ghaeilge sainmhínithe go soiléir le cinntiú gurb iad an teagasc agus an fhoghlaim éifeachtach is príomhchúram na scoile lán-Ghaeilge i gcónaí. | | | |
| Tá na múinteoirí eolach ar phróiseas forbartha an dátheangachais, agus ar thairbhí an tumoideachais agus an dátheangachais, agus bíonn siad sásta iad sin a phlé le tuismitheoirí/caomhnóirí. | | | |
| Creideann na múinteoirí agus an fhoireann scoile ar fad gur féidir le gach aon dalta ardchaighdeán foghlama a bhaint amach i ngach réimse acadúil agus inniúlacht iomlán a bhaint amach sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon. | | | |
| Is múinteoirí teanga agus ábhair araon iad na múinteoirí ar fad, tá torthaí foghlama beartaithe luaite go soiléir acu maidir le hábhar agus teanga, cuireann siad ionchais shoiléire in iúl maidir le húsáid na tumtheanga, agus féachann siad orthu féin mar éascaitheoirí na forbartha teanga laistigh den seomra ranga agus lasmuigh de araon. | | | |

Sainaithnítear na príomhtháscairí cáilíochta le **táscairí**

Léirítear leis na **tuairisceoirí** conas is féidir gach táscaire cáilíochta ar an dea-chleachtas a bhaint amach



# Is múinteoirí teanga agus ábhar araon iad na múinteoirí ar fad

# SAINMHÍNIÚ?



**Úsáidtear teanga chun ábhar a fhoghlaim agus úsáidtear ábhar chun teanga a fhoghlaim**

(Swain, 1988)

# Comhtháthú ábhar agus teanga: Comhthéacs agus cuspóir

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| An t-ábhar a úsáid chun an teanga a mhúineadh | Béim ar leith ar fhoirm na teanga chun cruinnúsáid na teanga a chinntiú | Béim chomhuaineach ar theanga agus ar ábhar | Béim ar leith ar shainfhoclóir ar mhaithe le brí/tuiscint a chinntiú | An teanga a úsáid chun an t-ábhar a mhúineadh |

+ béim ar theanga

+ béim ar ábhar

TAITHÍ FOGHLAMA AGUS TORTHAÍ FOGHLAMA FCÁT

# Comhtháthú ábhar agus teanga: Comhthéacs agus cuspóir

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| An t-ábhar a úsáid chun an teanga a mhúineadh | Béim ar leith ar fhoirm na teanga chun cruinnúsáid na teanga a chinntiú | **Béim chomhuaineach ar theanga agus ar ábhar** | Béim ar leith ar shainfhoclóir ar mhaithe le brí/tuiscint a chinntiú | An teanga a úsáid chun an t-ábhar a mhúineadh |

\+ béim ar theanga ←→ + béim ar ábhar

**Cá bhfuil tú ar an gcontanam seo?**

# Comhtháthú ábhar agus teanga: Comhthéacs agus cuspóir

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| An t-ábhar a úsáid chun an teanga a mhúineadh | Béim ar leith ar fhoirm na teanga chun cruinnúsáid na teanga a chinntiú | Béim chomhuaineach ar theanga agus ar ábhar | Béim ar leith ar shainfhoclóir ar mhaithe le brí/tuiscint a chinntiú | An teanga a úsáid chun an t-ábhar a mhúineadh |

+ béim ar theanga ⟷ + béim ar ábhar

**Cá bhfuil an fhoireann ar an gcontanam seo?**

**Comhtháthú ábhar agus teanga san Aonad Lán-Ghaeilge**

Roinn na cúiseanna don roghnúchán seo linn!


AN FHOIREANN…
CAD IAD NA RÉAMHRIACHTANAIS?



# Cad go díreach atá i gceist duitse mar mhúinteoir i bhfeighil?

# CÉN CHÚIS GO MBAINFEÁ LEAS AS COMHTHÁTHÚ ÁBHAR AGUS TEANGA SAN AONAD LÁN-GHAEILGE?



# Comhtháthú ábhar agus teanga: Cén chúis

**Ginchumas teanga le forbairt -** Cruinneas na gramadaí, réimse foclóra, go sochtheangeolaíoch

(Baker, 2001; Day agus Shapson, 1991; Fortune, 2001; Genesee agus Lindholm-Leary, 2013; Harley, 1984, 1989, 1998; Harley et al., 1990; Lyster, 1994, 2004; Mougeon, Nadasdi agus Rehner, 2010; Ó Duibhir, 2009, 2011; Swain, 1998; Swain agus Johnson, 1987; Wright, 1996)

# Comhtháthú ábhar agus teanga: Cén fáth

**Tagann rian an Bhéarla ar theanga na mac léinn le himeacht ama**

(Fortune agus Tedick, 2015; Lyster, 1987)

**Muna bhfuil inniúlacht na tumtheanga forbartha chun ábhar acadúil dúshlánach a bhainistiú, castar ar an mbéarla chun máistreacht ar choincheapa a chinntiú – múinteoirí agus daltaí**

(Fortune, Tedick agus Walker, 2008; Hoare agus Kong, 2008; Met agus Lorenze, 1997; Ó Ceallaigh agus Ó Brolcháin, 2017)

**Tá fócas agus iarracht ar leith riachtanach chun teanga a fhoghlaim sa chomhthéacs ábharbhunaithe/tumoideachais**


(Lightbown, 2014)

# Conas?




Comhtháthú
an ábhair agus
na teanga
ÁBHAR
TEANGA

# Próiseas na féinmheastóireachta scoile



# SAINGHNÉITHE AN CHEACHTA

| Sainghnéithe an cheachta | Táscaire feidhmíochta |
| --- | --- |
| **Pleanáil** | • Aithin torthaí foghlama teanga le béim ar ghné nó dhó den teanga atá ábhartha don cheacht ag cur le stór focal/téarmaíocht /comhréir/ gramadach/ foghraíocht / cruinneas<br>• Roghnaigh agus cuir téacs in oiriúint roimh ré<br>• Cuir scileanna agus cumas na sprioctheanga san áireamh i bpleanáil oideolaíochta<br>• Roinn na torthaí foghlama agus na critéir ratha leis na daltaí |
| **Ionchur teanga** | • Úsáid an Ghaeilge ó thús go deireadh an cheachta<br>• Measc teanga acadúil an ábhair agus gnáth-theanga cumarsáide agus bainistíochta an ranga le chéile<br>• Cuir ionchur saibhir teanga ar fáil ó fhoinsí difriúla (labhairt; téacsanna; míreanna físe; acmhainní teagaisc) |
| **Próiseáil dírithe ar bhrí** | • Cuir scafall teagaisc ar fáil – féin-athrá, parafrása; cineálacha éagsúla ceisteanna; athrá ar stór focal tábhachtach; sosanna nádúrtha; 'am feithimh' a thabhairt do dhaltaí; seiceálacha rialta ar an tuiscint; úsáid comharthaíochta coirp; áiseanna amhairc, realia, áiseanna grafacha; iarratais ar shoiléiriú; ag lipéadú<br>• Leag tascanna amach do na daltaí chun cabhrú leo an bhrí atá le coincheapa éagsúla a shainaithint – cumarsáid lánbhrí ach dúshlánach go cognaíoch<br>• Léirigh foirmeacha/sainthéarmaíocht agus struchtúir den teanga atá ríthábhachtach chun an t-ábhar a thuiscint agus chun labhairt agus scríobh faoi araon.<br>• Cinntigh go dtuigeann na daltaí na coincheapa nó na focail is tábhachtaí |
| **Próiseáil fhoirm-dhírithe** | • Dear tascanna chun gnéithe den ionchur a thabhairt faoi deara agus an fheasacht teanga a chur chun cinn - punann nó dialann a úsáid<br>• Tabhair deis do dhaltaí slite timpeall ar na dúshláin a bhaineann le gnéithe teanga a d'fhéadfadh bheith deacair/dúshlánach (litriú/ foghraíocht 7rl) a aimsiú<br>• Tabhair aiseolas ar úsáid foirmeacha den teanga atá idir achrannach agus ábhartha |
| **Ginchumas aschuir** | • Cruthaigh deiseanna go n-úsáidfidh na foghlaimeoirí an téarmaíocht /stór focal i gcomhthéacsanna eile agus go ndéanfaidh siad a gcuid féin díobh - Eagraithe físfhoglama/framaí scríbhneoireachta; cur i láthair postaeir; tuairisc a scríobh i gcomhpháirt; plé ranga/grúpaí – tascanna idirghníomhaíochta<br>• Cuir ceisteanna ar dhaltaí ar leith maidir le hábhar an cheachta nó maidir le coincheapa tábhachtacha<br>• Spreag na daltaí freagairt do fhreagairtí na ndaltaí eile<br>• Tabhair aiseolas ar úsáid teanga, ina ndírítear ar an aschur ceartaithe<br>• Tabhair deis do fhoghlaimeoirí sainábhar an cheachta a úsáid i gcomhthéacanna úra cumarsáide (obair aonair, obair bheirte agus obair ghrúpa) |
| **Measúnú** | • Déan measúnú ar theanga agus ar ábhar an cheachta i. Ar éirigh leat na torthaí foghlama a bhaint amach?<br>• Cuir deis ar fáil do dhaltaí féin-mheasúnú/piarmheasúnú a chur chun cinn (ábhar agus teanga) |
| **Athneartú** | • Leag amach tascanna breise chun sainaithint na brí agus na teanga atá sainaitheanta cheana féin a dhaingniú.<br>• Cum slite cruthaitheacha chun dul siar ar a bhfuil foghlamtha (teanga agus ábhar) agus chun déileáil le deacrachtaí<br>• Dul chun cinn – pé dul chun cinn dá laghad féin é a chur ar a súile |



# Pleanáil réamhghníomhach

Scileanna agus bonn eolais an mhúinteora…


Cad atá i gceist?



# Pleanáil réamhghníomhach an mhúinteora

Impleachtaí don fhorbairt ghairmiúil…

Cad atá i gceist?


I dTREO BARR FEABHAIS
DEA-CHLEACHTAIS SAN OIDEACHAS LÁN-GHAEILGE
Critéir aitheantais cuí um dhearbhú cáilíochta agus dea-chleachtais do bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge ar bhonn uile Éireann
Tuarascáil taighde ar son Gaeloideachas
Iúil 2017
FAIRSINGE AN TUMTHA
TACAÍOCHT, ACMHAINNÍ
ÚSÁID SHÓISIALTA
CURACLAM
STRUCHTÚR, COMHTHÁITEACHT, PLEANÁIL
FREAGRACHT, CEANNAIREACHT, LUACHÁIL
OIDEOLAÍOCHT
TEAGASC CÓRASACH, ÚSÁID NA MÓRTHEANGA
OILIÚINT, FORBAIRT GHAIRMIÚIL
NASC LE POBAL
T.J. Ó Ceallaigh agus Aoife Ní Shéaghdha
Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh
Gaeloideachas
Foras na Gaeilge
MIC


Comhtháthú an ábhair agus na teanga san iar-bhunscoil lán-Ghaeilge/Ghaeltachta:
I dtreo eispéiris forbartha gairmiúla chun dea-chleachtais a nochtadh
Comhtháthú an ábhair agus na teanga
ÁBHAR
TEANGA
Tuarascáil Taighde ar son na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta
T.J. Ó Ceallaigh, Muiris Ó Laoire & Máire Uí Chonghaile
Deireadh Fómhair 2019
MIC
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
TRALEE

https://padlet.com/tadhgo53/ddecek2jbvj5

padlet

REMAKE SHARE

Tadhg • 1m

# An fhoghlaim ghairmiúil a threorú, a bhainistiú agus a cheiliúradh: Impleachtaí do cheannairí scoile I An Dr T.J. Ó Ceallaigh, Coláiste Mhuire gan Smál Luimneach

Bord Oideachais agus Oiliúna Éireann I Ceiliúradh an Ghaeloideachais I Loch Garman I 29 Eanáir 2020

## Cur i láthair na comhdhála agus taighde ábhartha eile

**An fhoghlaim ghairmiúil a threorú, a bhainistiú agus a cheiliúradh: Impleachtaí do cheannairí scoile**

Pdf na cainte le T.J. Ó Ceallaigh




An Cheannaireacht agus an Tumoide...
PDF document
padlet drive

**Tuarascáil Taighde - Comhtháthú an ábhair agus**

## Conas cleachtais a chur chun cinn - Teagasc agus foghlaim a threorú

**Ionchais arda a léiriú chun fís a fhorbairt agus a chur in iúl**

Prionsabail chreidimh agus tiomantas a léiriú chun inniúlachtaí agus cleachtais an phobail a fhairsingiú – cáilíocht an tsolathair agus torthaí foghlama na scoláirí

Ionchais go bhfuil an fhoghlaim leanúnach mar riachtanas gairmiúil mar aon le hacmhainneacht na foirne a spreagadh

**Úinéireacht a spreagadh agus a ghacadh ar chur i bhfeidhm chomhtháthú ábhar agus**

## Conas cleachtais a chur chun cinn - An eagraíocht a bhainistiú

inscoile ar bhonn leanúnach; córas ceartúcháin maidir le cruinnúsáid na Gaeilge i dteagasc ábharbhunaithe a aontú; teimpléid phleanála a dhearadh agus a phlé

**Dea-thoradh na hoibre a aithint, a roinnt agus a cheiliúradh**

Struchtúr agus am chun dul i gcomhairle lena chéile chun prionsabail chridimh agus patrúin chleachtais seanbhunaithe a athrú – deiseanna a thapú cur i bhfeidhm tráthúil an Pholasaí Gaeltachta agus Sonraíocht na Sraithe Sóisearaí nua

## Conas cleachtais a chur chun cinn - Forbairt scoile a threorú

tumoideachais

**Comhairle agus aiseolas a lorg go hinmheánach agus go seachtrach**

Cuireadh a thabhairt d'aoi-chainteoirí agus saineolaithe tuilleadh inseirbhíse a dhéanamh ar bhonn scoile

Féinmheastóireacht inmheánach scoile a chur i bhfeidhm chun tosaíochtaí le haghaidh athrú a shainaithint ag baint leasa as / *dtreo barr feabhais: Critéir aitheantais cuí um dhearbhú cáilíochta agus dea-chleachtais do bhunscoileanna agus iar-*

## Conas cleachtais a chur chun cinn - Cumas ceannaireachta a fhorbairt

**agus teanga a shainaithint mar fhoireann scoile**

Freagrachtaí na ceannaireachta sinsearaí (Príomhoide / Leas-Phríomhoide) agus na meáncheannaireachta (sealbhóirí poist) a ailíniú níos fearr le riachtanais shainaitheanta agus tosaíochtaí sainaitheanta na scoile

Teastas Eorpach na Gaeilge a chur chun cinn ar mhaithe le forbairt fhéinmhuinnín na múinteoirí – freagracht na húinéireachta a bhronnadh ar mhúinteoirí ina gcuid teagaisc sa chomhthéacs tumoideachais

# Torthaí foghlama an mhúinteora i bhfeighil

Cad is gá do mhúinteoirí i bhfeighil a dhéanamh chun príomhchuspóir a róil a bhaint amach san Aonad lán-Ghaeilge?

Cén fáth?

Conas?




# An M. Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta 2020-2022

- Clár foghlama cumaisc, trasearnála thar thréimhse dhá bhliain acadúla
- Maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna/COGG
- Ní íocann mic léinn ach €400 in aghaidh na bliana.
- Cuid ar láthair an choláiste (4/5 deireadh seachtaine gach seimeastar - Satharn 9-00r.n. 4-00i.n.)
- Cuid ar líne go sioncronach (dhá uair a chloig in aghaidh na coicíse beo ar líne - An Chéadaoin 19-00-21-00)
- Cuid ar líne go haisioncronach (i. imeachtaí ar líne nach bhfuil beo, mar shampla, fóram, tasc comhoibritheach rl)

# MÍLE BUÍOCHAS!

tj.oceallaigh@mic.ul.ie

@tj_oceallaigh

